Beartas agus Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí

Aibreán 2011

CLÁR

	Lch
Réamhrá	**3**
Cuid 1: Ráiteas Beartais ar Chosaint Leanaí	**4**
Cuid 2: Cód Iompair RTÉ	**5**
Cuid 3: Leas Leanaí: Iompar agus Freastal ar an Suíomh	**8**
Cuid 4: Freagrachtaí agus Nósanna Imeachta Tuairiscithe	**12**
Cuid 5: Earcaíocht, Roghnú agus Cosaint Leanaí	**14**

Aguisíní

Aguisín 1**:** Príomhphrionsabail agus Sainmhínithe Mí-Úsáide arna n-eisiúint ag an Roinn Sláinte & Leanaí 1999

Aguisín 2: Seicliosta

Aguisín 3: Ráiteas um Chuspóir Fostaithe

Aguisín 4: Measúnuithe Riosca/Tuairiscí Timpiste

Aguisín 5: Foirm Nochta Foirne

RÉAMHRÁ

Cuireann an beartas seo bun le freagrachtaí na ndaoine uile a oibríonn do RTÉ, lena n-áirítear conraitheoirí, maidir le cosaint leanaí agus daoine óga, agus iad ag obair le leanaí agus le daoine óga nó nuair a bhíonn teagmháil acu leo.

I gcomhthéacs chosaint leanaí tagraíonn leanaí agus daoine óga do dhuine ar bith faoi bhun 18 bliain d'aois. Chun críche an bheartais seo féadtar daoine óga a thabhairt ar leanaí idir 15 agus 18 bliain d'aois.

Ag cur san áireamh nádúr na craoltóireachta agus na hidirghníomhaíochta a tharlaíonn le daoine éagsúla mar dhaoine den fhoireann, comhaltaí den phobal, conraitheoirí, saoroibrithe, cuideachtaí neamhspleácha agus cuairteoirí, bainfidh na treoirlínte seo le gach duine a bhfuil baint acu leo. Cé nach bhfuil sé indéanta rialacha a leagan síos do gach uile chás ba chóir go mbeadh foireann RTÉ ar an eolas gur chóir aird a thabhairt ar spiorad an bheartais mar atá leagtha amach i gCuid 1 den Ráiteas Beartais ar Chosaint Leanaí mar aon leis an bhfoclaíocht bheacht de na próisis agus na nósanna imeachta mionsonraithe i gcónaí. Ba chóir a thabhairt ar aird nach mbeidh tionchar ag an mbeartas seo ar ábhar eagarthóireachta cláir.

Ba chóir an doiciméad seo a léamh i gcomhar leis an leagan reatha de *"Caighdeáin agus Treoirlínte Clár RTÉ 2008"*. *(An chuid chuí ó leathanaigh 60 go 68).*

CUID 1 – RÁITEAS BEARTAIS AR CHOSAINT LEANAÍ

Tá RTÉ tiomanta do chur chuige leanbh-lárnach in ár gcuid oibre le leanaí agus le daoine óga. Tá sé lárnach d'fhealsúnacht RTÉ go dtugtar urraim neamhchoinníollach dóibh agus go gcoinnítear slán ó dhíobháil iad agus iad faoinár gcúram. Tá sé tábhachtach a chinntiú go gcuireann gnáthchleachtais agus iompar laistigh dár n-eagraíocht seachadadh timpeallachta slán chun cinn go gníomhach, áit a bhfuil leas an linbh/an duine óig in uachtar. Cuidíonn na treoirlínte seo le RTÉ cloí leis na prionsabail atá leagtha amach i *"Tús Áite do Leanaí: Treoirlínte Náisiúnta do Chosaint agus Leas Leanaí"*, arna eisiúint ag an Roinn Sláinte agus Leanaí.

Is iad seo na prionsabail threoracha:

- Is é leas an linbh nó duine óig an ní is tábhachtaí ar fad agus ba chóir dó a bheith i gcroílár léirithe RTÉ.
- Tá ceart chun cosanta ó dhíobháil nó ó mhí-úsáid ag gach leanbh nó duine óg, beag beann ar aois, éagumas, inscne, bunús eitnigh nó cine, creideamh agus céannacht ghnéasach
- Tá an fhreagracht ar gach duine d'fhoireann RTÉ, lena n-áirítear conraitheoirí, cosaint leanaí agus daoine óga a chur chun cinn agus an beartas seo a chomhíonadh. Bíonn coinne i gcónaí go gcoinneoidh foireann RTÉ guaim orthu féin, go mbeidh siad ciallmhar i ngach cás agus go dtabharfaidh siad tosaíocht do leas an linbh.

Gabhann RTÉ de lámh:

- Caitheamh le leanaí agus le daoine óga le cúram, le hurraim agus le dínit
- Aithint go mbreathnóidh leanaí agus daoine óga orthu siúd atá ag obair in RTÉ mar dhaoine iontaofa agus dá bhrí sin nach mór do gach duine den fhoireann an beartas seo a chomhlíonadh
- Cinntiú go bhfuil an chumarsáid le leanaí agus le daoine óga oscailte agus soiléir
- Na rioscaí a bheadh roimh leanaí agus gníomhaíochtaí ar siúl acu a mheas. Caithfidh sé gur chuid den mheasúnú riosca ar an gclár foriomlán a bheidh sa bpróiseas seo
- Cinntiú go seachnaíonn daoine den fhoireann teagmháil fhisiciúil le leanaí agus le daoine óga ach amháin ar bhonn sláinte agus sábháilteachta, nó faoi mhaoirseacht
- Freagairt d'aon líomhaintí go hiomchuí agus próiseas disciplíne a fheidhmiú de réir mar is iomchuí
- Chun Sábháilteacht, Sláinte agus Leas leanaí a bhíonn páirteach i ngach gníomhaíocht clár de chuid RTÉ a chinntiú beidh gach úsáid d'aon ábhar clár faoi réir théarmaí agus choinníollacha an tsocraithe nó an chonartha bunaidh.
- Athbhreithniú a dhéanamh ar an mbeartas seo go bliantúil bunaithe ar thaithí RTÉ ar a fheidhmiú agus ag cur aon athruithe reachtúla a eascraíonn i réimse Chosaint Leanaí san áireamh. Déanfaidh an Grúpcheannasaí Acmhainní Daonna an t-athbhreithniú i gcomhar le hOifigeach Sábháilteachta RTÉ.

CUID 2 – CÓD IOMPAIR RTÉ

Chun cosaint fhrithpháirteach a chinntiú ní mór d'fhoireann/ d'oibrithe deonacha/ aoi-ealaíontóirí/rannpháirititheoirí agus eagraíochtaí eile atá ag obair le RTÉ a bheith eolach ar an gcód seo a leanas: Caithfidh bainisteoirí sinsearacha a chinntiú go gcuirtear riachtanais iompair an bheartais seo ar a súile dóibh siúd atá ag obair le leanaí agus go dtuigeann siad go soiléir iad.

Cód Iompair: Cur Chuige Leanbh-Lárnach

- Caith go cothrom le gach leanbh agus duine óg ag cur a (h)aois agus a (h)indibhidiúlacht san áireamh
- Úsáid teanga atá cuí ó thaobh aoise (go fisiceach agus i bhfocail) agus bíodh an teanga oiriúnach do riachtanais agus d'íogaireacht na leanaí atá i láthair
- Tugtar ómós do spás pearsanta linbh/ duine óig (i.e. ag dul chuig an leithreas nó á ngléasadh féin). Mura mbíonn coimhdire i láthair ní cóir tascanna de chineál pearsanta a dhéanamh do leanbh óg ach i gcás éigeandála nó timpiste.
- Cinntigh go bhfuil sé inghlactha ag leanbh atá gortaithe nó gátarach má thairgtear sólás fisiceach dó
- Caithfidh na daoine sin den fhoireann atá freagrach as leanaí ar an lá iad féin a chur in aithne do na leanaí a luaithe agus is féidir.

Cód Iompair: Dea-chleachtas

- Ná tabhair aon chógas do leanbh ar chúinsí ar bith mura mbíonn cead i scríbhinn roimh ré ó thuismitheoir nó ó chaomhnóir
- Bíodh nósanna imeachta éigeandála ann agus déan cinnte de go bhfuil gach duine den fhoireann ar an eolas fúthu
- Déan tuairisciú/taifeadadh ar aon eachtra agus timpiste (féach Aguisín 4)
- Coinnigh tuismitheoirí/caomhnóirí/múinteoirí ar an eolas faoi cheist ar bith atá bainteach lena leanaí
- Cinntigh go mbíonn maoirseacht cheart ann
- Ná lig d'aon fhadhb dul ó smacht.

Cód Iompair: Iompar Mí-Oiriúnach

- Seachain tréimhsí iomarcacha ama a chaitheamh i d'aonar le páistí/daoine óga
- Ná húsáid agus ná ceadaigh caint fhisiciúil agus/nó bhriathartha atá maslach nó gáirsiúil gnéasach
- Seachain droch-chaint, caint ghárisiúil nó caint mhí-oiriúnach ó thaobh aoise
- Ná dírigh isteach ar leanbh/duine óg aonair áirithe (ar mhaithe le fabhar, cáineadh nó magadh éagothrom)
- Ná ceadaigh/déan teagmháil fisiciúil neamhriachtanach
- Ná buail nó ná ceartaigh leanaí/daoine óga go fisiciúil
- Ná sóisialaigh go mí-oiriúnach le leanaí/daoine óga (e.g. taobh amuigh de ghnóthaíochtaí éagraíochtúla struchtúrtha).

Cód Iompair: Sláinte agus Sábháilteacht

Tabharfar measúnú riosca sláinte agus sábháilteachta iomlán chun críche sula dtabharfar leanbh ar bith ar shuíomh nó ar sheit. Nuair a bhíonn leanbh nó duine óg i gceist ní mór don mheasúnú riosca a gcuid leochailleachtaí áirithe, lena n-áirítear cosaint leanaí, a chur san áireamh. Caithfidh léiritheoir an chláir a (h)ainm a chur leis an measúnú riosca sula dtosaíonn an léiriúchán. I gcás go mbíonn rólanna lárnacha ag foireann Oibriúcháin i léiriú an chláir mar a tharlódh i stiúideonna agus ar EFP, glacfaidh na maoirseoirí cuí freagracht as áirithiú go gcomhlíonann an fhoireann na cóid sláinte agus sábháilteachta.

Ba chóir don mheasúnú riosca a leagan amach freisin cad iad na socruithe atá déanta dá gcúram agus dá maoirseacht, e.g. ag scoil, tuismitheoir, caomhnóir nó coimhdire, agus cén chaoi a gcuirfear na socruithe seo in iúl do na páirtithe cuí. Oibreoidh RTÉ i gcónaí laistigh de na huaireanta reachtúla a cheadaítear d'oibriú le leanaí; cuirfear teagasc ar fáil ag teacht le reachtaíocht reatha de réir mar a theastaíonn. Tabharfar aird ar leith ar bhristeacha sosa a sceidealú agus a chinntiú go gcuirtear bia nó deoch ar fáil.

Déanfaidh an léiriúchán iarracht éadach agus áiseanna atá oiriúnach do na toscaí aimsire atá ann don scannánaíocht a sholáthar, nuair is réasúnta, i.e. foscadh tirm teolaí má tá an scannánaíocht ar siúl in aimsir fhuar, uisce/sciath ghréine/ foscadh faoi scáth má tá scannánaíocht ar siúl in aimsir the.

- Ná fág leanaí gan duine ina mbun/ gan mhaoirseacht
- Déan bainistiú ar aon ábhar dáinséarach
- Cuir timpeallacht shlán ar fáil
- Bí feasach ar nós imeachta timpiste agus lean dá réir
- Bí feasach ar nósanna imeachta aslonnaithe/ rochtana/ fágála.

Cód Iompair: Dualgas Cúraim

Is í príomhfhreagracht RTÉ sábháilteacht, sláinte agus leas na leanaí a mbíonn teagmháil againn leo agus muid i mbun gnótha, a chinntiú. I gcás go n-eascraíonn teagmhais nó deacrachtaí maidir leis an gcaidreamh seo, forchoimeádann RTÉ an ceart teagmháil a dhéanamh le tuismitheoirí/caomhnóirí agus aistriú (sealadach nó buan) linbh a éileamh sa chaoi gur féidir le leanaí eile leanúint leis an ngníomhaíocht gan cur isteach. Ach ar an gcéad dul síos, má tá leanbh á m(h)í-iompar féin, é míchompordach nó gan a bheith ar a s(h)ocracht nó gan a bheith rannpháirteach go cuí sa ghníomhaíocht sceidealaithe, glacfaidh an fhoireann de chúram orthu féin:

- Labhairt leis an leanbh agus fáil amach cad í an fhadhb
- Modhanna a mholadh chun cur lena p(h)áirtíocht sa ghníomhaíocht
- Mura mbíonn aon fheabhas ar an iompar agus má tá an chosúlacht ann go leanfaidh an cur isteach ar an réamhléiriú nó ar an léiriú, an leanbh a thógáil amach as láthair an réamhléirithe/ an halla/ an stiúideo (ag cinntiú go mbíonn

daoine den fhoireann i láthair) le linn fios a chur ar an tuismitheoir/caomhnóir leis an leanbh a bhailiú
- A chinntiú go mbíonn a dhóthain le déanamh ag an leanbh nó sólás a thabhairt dó má bhíonn sé suaite.

I gcás imeachta bheo atá 'á dhéanamh':

- Teagmháil súil a dhéanamh leis an leanbh/na leanaí chun a léiriú go gcaithfidh siad a bheith ciúin
- Má leanann an cur isteach, dul go fisiciúil go dtí an leanbh/na leanaí **ar bhealach oiriúnach** agus iarraidh orthu a bheith ciúin
- Má leanann an cur isteach, druid leis an tuismitheoir/caomhnóir agus lorg cúnamh uathu chun iarraidh ar an leanbh/na leanaí éirí as an gcur isteach ar an léiriú
- Má leanann an cur isteach, iarr ar an tuismitheoir/caomhnóir an leanbh a thógáil amach as an stiúideo/halla.

Mí-iompar nó iompraíocht mhí-oiriúnach:

I gcás teagmhais bhreathnaithe de cheachtar de na cineálacha iompair thuas bainteach le leanbh, iarrtar ar dhaoine den fhoireann freagairt mar seo a leanas:

- Na leanaí a scaradh a luaithe agus a thugtar an t-iompar faoi deara
- D'fhéadfadh go n-iarrfaí ar dhéantóir líomhnaithe an iompair a g(h)níomhaíochtaí a mhíniú agus leithscéal a ghabháil más cuí
- Idirghníomhaíochtaí eile idir na bpáirtithe a bhí i gceist a bhreithniú
- An bainisteoir líne áitiúil a chur ar an eolas mura bhfuil fhios acu cheana faoin bhfadhb
- Deis a thabhairt don íobartach labhairt le duine den fhoireann faoin teagmhas má theastaíonn uaidh/uaithi é sin a dhéanamh
- Caithfidh an bainisteoir líne áitiúil tuairisc a dhéanamh faoin teagmhas agus an bainisteoir HR san IBD a chur ar an eolas faoin teagmhas
- Caithfidh an bainisteoir líne áitiúil na tuismitheoirí/caomhnóir a chur ar an eolas faoin teagmhas ag deireadh an réamhléirithe nó an léirithe.

Ar mhaithe le cosaint na bpáirtithe uile, cinntigh i ngach cás ina ndeirtear go bhfuil iompar linbh sainiúil agus suaiteach, go ndéanann léiritheoir an chláir nó bainisteoir sinsearach eile atá i láthair tuairisc scríofa ar ar tharla.

- Caithfidh níos mó ná duine amháin den fhoireann a bheith i láthair nuair atáthar ag déileáil le hiompar singilteach nó neamhghnáthach
- Caithfidh léiritheoir an chláir nó bainisteoir sinsearach atá i láthair tuairisc ar an teagmhas a scríobh ag tabhairt cur síos mionsonraithe ar an teagmhas, na cúinsí, na fáthanna, agus na daoine a bhí bainteach leis, agus aon réiteach. Cuirtear an taifead seo ar aghaidh chuig Oifigeach Sábháilteachta RTÉ gan

mhoill. Is é an Grúpcheannasaí Acmhainní Daonna a dhéanfaidh an cinneadh leanúint le tuairisc den chineál seo

- I ngach cás, má tharlaíonn aon imeacht neamhghnáthach a d'fhéadfadh tionchar diúltach a bheith aige ar leanbh, cuirfear aon tuismitheoir/ caomhnnóir a bhailíonn an leanbh ar an eolas faoin imeacht agus faoi aon ghníomh nó gníomhartha a rinneadh.

Cód Iompair: Leanaí de chuid fostaithe RTÉ

Níor chóir d'fhostaithe a gcuid páistí a thabhairt go dtí an t-ionad oibre chun críocha cúram leanaí. Aithnítear go bhféadfadh go mbeadh cúinsí eisceachtúla ann nuair a chaithfí é seo a dhéanamh. I gcásanna dá leithéid ní mór cead a iarraidh ar an mbainisteoir líne agus caithfidh na páistí fanacht faoi mhaoirseacht dhíreach an tuismitheora ar feadh an ama.

CUID 3 – LEAS LEANAÍ: IOMPAR AGUS FREASTAL AR AN SUÍOMH

Ag éirí as nádúr gníomhaíochtaí RTÉ bíonn sé riachtanach go minic go bhfreastalaíonn leanaí ar áitreabh RTÉ agus go mbíonn pearsanra de chuid RTÉ i gcomhluadar leanaí ag suíomhanna lasmuigh de RTÉ. Ag cur na prionsabail a bhfuil cur síos orthu i gCodanna 1 agus 2 thuas san áireamh, leagann an chuid seo amach nósanna imeachta sonracha atá le leanúint bunaithe ar líon de chásanna éagsúla bainteach le leanaí ag freastal ar áitreabh RTÉ.

3.1 Iompar

Buailfidh leanaí agus daoine óga atá rannpháirteach in aschur de chuid RTÉ (agus a dtuismitheoir, múinteoir nó caomhnóir atá á dtionlacan) lena n-ionadaí teagmhála in RTÉ ag láthair réamhshocraithe (fáiltiú in RTÉ de ghnáth). Ag brath ar nádúr na rannpháirtíochta, déanfar bainistiú agus maoirseacht ar leanaí le linn a gcuid ama ar an suíomh de réir Chuid 3.2 thíos. Ní mór na prionsabail seo a leanas a chomhlíonadh:

- I gcás go mbíonn leanaí agus daoine óga á n-iompar thar ceann RTÉ ní mór tuismitheoir, caomhnóir, coimhdire nó múinteoir a bheith ina dteannta. Caithfidh gach leanbh crios sábhála a chaitheamh agus iad ar bhus. Ní cheadaítear dul ar na glúine ar shuíochán le leabhairt leis an duine taobh thiar, nó seasamh nó bogadh thart ar an mbus.
- Féadfaidh daoine óga ar dhaltaí san idirbhliain iad agus daoine óga idir 15 agus 18, teacht agus imeacht ó áitreabh RTÉ gan tionlacan, mura mbíonn sé deireanach san oíche (tar éis 9pm) nuair is féidir iad a chur abhaile i dtacsaí gan tionlacan má bhíonn cead tuismitheora nó múinteora faighte roimh ré.
- Gan an eisceacht thuas san áireamh, níl sé ceadaithe duine nó líon leanaí/daoine óga gan tionclacan a chur abhaile i dtacsaí thar ceann RTÉ
- Seachain síob a thabhairt do leanbh/duine óg. Má chaitear é seo a dhéanamh i gcúinsí eisceachtúla, déan cinnte de go gcuirtear é seo in iúl do thuismitheoir/mhúinteoir roimh ré agus go mbíonn suíochán linbh ar fáil nuair is gá. Caithfidh duine aonair eile a bheith in éineacht leat má tá leanbh nó duine óg amháin á iompar agat.

Níor cheart leanbh a fhágáil leis féin nó gan freastail ag am ar bith agus iad ag fanacht ar mhodh iompair nó tar éis dóibh iompar a fháil go RTÉ.

3.2 Ar an suíomh ag áitreabh RTÉ

Beag beann ar nádúr na cuairte ar RTÉ, mar riail ghinearálta, ba chóir na nósanna imeachta seo a leanas a chomhlíonadh agus leanbh nó duine óg ag áitreabh le RTÉ:

- Seachain idirghníomhaíocht phríobháideach leat féin le leanbh. Mura bhfuil sé seo indéanta ba cheart di tarlú i dtimpeallacht oscailte le láneolas agus lánchead tuismitheoirí/ caomhnóirí/ múinteoirí
- Bí san airdeall i gcónaí faoin gcaint agus faoin gcomhrá a dhéantar. Má cheapann tú gur chuir rud éigin a dúirt tú isteach ar leanbh nó gur chuir sé as dó/di, déan iarracht aghaidh a thabhairt air ar bhealach íogair a luaithe agus is féidir
- Cruthaigh atmaisféar muiníne agus cruthaigh deis do leanaí cásanna mí-iompair nó iompar mí-oiriúnach a thuairisciú
- Pléifear teorannacha iompair agus bearta srianta gaolmhara le leanaí/daoine óga agus tuismitheoirí/oibrithe deonacha
- Seachain cluichí garbha fisiciúla i measc leanaí
- Bí feasach ar theorannú ama linbh/duine óig (e.g. scoil/scrúduithe) agus réamhléirithe/gníomhaíochtaí á sceidealú
- Bíodh an t-eolas leighis riachtanach agat (eolas nó teorannú a d'fhéadfadh éirí as)
- Bíodh urraim agat d'éagsúlachtaí cumais, cultúir, cine agus claonadh gnéasach
- Cuir oiliúint chuí ar fáil do dhaoine den fhoireann agus do dhaoine nach ó fhoireann RTÉ iad ach atá ag obair ar ár son
- Má bhíonn soiléiriú nó treoir uait lorg cúnamh ó bhall sinsearach den fhoireann nó ó do gharbhainisteoir líne. Féadfaidh an bainisteoir HR i do IBD treoir agus comhairle a thairscint.

3.2.1 Leanaí mar rannpháirtithe sa lucht féachana

De ghnáth, níor chóir do leanaí a bheith i láthair i lucht féachana stiúideo ach ar chláir do leanaí agus be cheart taifeadadh cláir dá leithéid a chríochnú faoi 9.00pm.

Is ceart leanaí atá i láthair mar chuid den lucht éisteachta a bheith á dtionlacan ag tuismitheoir, caomhnóir, múinteoir nó duine fásta freagrach eile. B'fhearr ticéid lucht féachana do chláir mar seo a dháileadh trí scoileanna, clubanna óige agus a leithéid, nó ar iarratas ó thuismitheoirí nó ó chaomhnóirí. Ní cóir ticéid a dháileadh go neamhchúiseach ar leanaí de ghnáth.

De ghnáth, ní cóir leanaí a ligean isteach mar lucht féachana go dtí cláir nach ndearnadh go hiomlán le haghaidh leanaí e.g. cláir shiamsaíochta, seónna cainte, nó seónna eile a thaifeadtar nó a chraoltar tar éis 9.00pm. I gcás eisceachtaí a eascraíonn, ní mór iad a bheith faofa ag an Eagarthóir Coimisiúnaithe cuí no Stiúrthóir Clár Teilifíse/Ceannasaí Stáisiúin, Raidió. Ba chóir leanaí atá ag freastal mar chuid de lucht féachana dá leithéid a bheith á dtionlacan ag tuismitheoir, caomhnóir, múinteoir nó duine fásta freagrach.

Ní ceart aon leanbh bachlainne nó leanaí an-óg a ligean i measc lucht féachana stiúideo, mura bhfuil aidhm éigin leis atá faofa ag an Eagarthóir Coimisiúnaithe cui, Stiúrthóir Clár nó an Bainisteoir Stiúrtha Teilifíse nó an Bainisteoir Stiúrtha Raidió.

3.2.2 Leanaí mar rannpháirtithe in aschur cláir

- Sula dtosaítear ar gach clár míneoidh an léiritheoir an próiseas atá i gceist sa chaoi go dtuigeann Tuismitheoirí nó Caomhnóirí go hiomlán cad é an rud atá i gceist le rannpháirtíocht a leanaí sa ghníomhaíocht chláir áirithe e.g. cluichí nó gníomhaíocht fhisiciúil eile
- Ni féidir le rannpháirtíocht linbh in aschur cláir dul chun cinn gan cead scríofa ó thuismitheoir nó ó chaomhnóir

- **Coimhdirí:**
  - I gcás nach féidir le tuismitheoir nó le caomhnóir linbh a bheith i dteannta an linbh agus iad in áitreabh de chuid RTÉ, ceapfaidh RTÉ coimhdire ar dhuine inniúil oiriúnach é mar gheall ar a thaithí ar an gcineál seo oibre, agus ar eolas RTÉ ar a c(h)umas agus a c(h)arachtar
  - Déanfaidh an coimhdire maoirseacht ar leas agus ar smacht an linbh ag ionad RTÉ ag gach céim le linn an phróisis léirithe suas go dtí an pointe ag a dtugtar an leanbh go dtí pointe teagmhála réamhshocruithe le hiompar ó RTÉ, agus an pointe sin san áireamh
  - Is duine den fhoireann léiriúcháin a bheidh sa choimhdire de ghnáth arbh é a ról ar an lá aire a thabhairt do na leanaí atá bainteach leis an léiriúchán cuí. Féadfaidh an coimhdire athrú i rith an lae ag brath ar infhaighteacht. Ní féidir le stiúrthóiri, láithreoirí, taighdeoirí etc. an obair seo a dhéanamh anuas ar a gcuid oibre féin
  - Cuirfidh an coimhdire bia agus deoch ar fáil don leanbh. Ba choir béiltí cothroma agus cothaitheacha a thairiscint do leanaí, ag cur aon toscaí leighis nó aiste bia mar is cuí san áireamh
- Cruthú bristeacha nó sosanna cuí le linn léirithe nó réamhléirithe ag teacht le dea-chleachtas molta.

3.2.3 Cóir RTÉ

Réamhléirithe

Sannfar freagracht ar dhuine d'fhoireann RTÉ taifead a dhéanamh ar láithreacht agus imeacht/bailiú na leanaí a fhreastalaíonn ar áitreabh RTÉ do réamhléiriú.

Anuas ar fhoireann Cóir RTÉ beidh beirt choimhdire ainmnithe freagrach as maoirseacht a dhéanamh ar an gcóir le linn réamhléirithe in RTÉ, ag feidhmiú de réir na gCód Iompair atá leagtha amach i gCuid 2 thuas.

Comhlíonfar bristeacha nó sosanna cuí laistigh de léirithe nó réamhléirithe ag teacht le dea-chleachtas molta.

Imeachtaí Lasmuigh

- Cuirfidh tuismitheoirí deonacha leis na hacmhainní láithreacha (foireann RTÉ agus coimhdirí ainmnithe RTÉ) agus déanfaidh maoirseacht ar bhaill Chór na nÓg ag gach céim le linn imeachtaí lasmuigh
- Sannfar "Suaitheantas Oibrí Dheonaigh" do thuismitheoirí deonacha a bheidh le feiceáil an t-am go léir

- Sannfar freagracht do dhuine d'fhoireann RTÉ chun láithreacht agus imeacht/bailiú na bpáistí ag imeachtaí lasmuigh a thaifeadadh
- Tá an t-údarás ag Oibrithe Deonacha fiafraí de leanbh cá bhfuil siad ag dul, cad tá ar siúl acu agus cé thug cead dóibh. Oibreoidh na hOibrithe Deonacha go dlúth le pearsanra Chór RTÉ chun sábháilteacht leanaí a chinntiú le linn léirithe ag imeachtaí lasmuigh.

3.2.4 Clár Idirbhliana

Tar éis tuairiscithe ag pointe teagmhála réamhshocruithe ag tús an chláir, tabharfar ionduchtú foirmiúil do gach duine óg atá rannpháirteach i gclár na hIdirbhliana, á sheachadadh ag an HR Corparáideach, a chlúdaíonn nithe a bhaineann le sláinte agus sábháilteacht ar an suíomh agus na caighdeáin iompair agus bhéasa agus iad in áitreabh RTÉ.

Beidh na daoine óga á dtionlacan ag ionadaí HR Corparáideach agus iad á dtabhairt chuig an IBD sannaithe. Beidh comhordaitheoir i ngach IBD freagrach as bainistiú na ndaoine óga atá sannaithe chuig an rannán sin le linn tréimhse an chláir. Cuirfidh an comhordaitheoir IBD na daoine óga in aithne do bhaill iomchuí d'fhoireann RTÉ a dhéanfaidh maoirseacht ar na daoine óga agus iad i mbun a ndualgas sannaithe san IBD le linn tréimhse chlár na hIdirbhliana.

Cuirfidh HR i gcuimhne do dhaoine d'fhoireann RTÉ a bhfuil dalta idirbhliana á shannadh dóibh le linn an chláir gur ann don Bheartas seo agus iarrfar orthu iad a bheith eolach faoi phríomhghné ithe an bheartais.

Ní mór do gach dalta a bhíonn rannpháirteach sa chlár idirbhliana a bheith tar éis iarratas a dhéanamh chun páirt a ghlacadh ann trí phróiseas foirmiúil HR Corparáideach.

3.3 Lóistín

Ní cheadófar d'aon leanbh fanacht thar oíche do léiriú RTÉ mura mbíonn sé/sí á t(h)ionlacan ag tuismitheoir, múinteoir nó coimhdire a shocraigh an tuismitheoir roimh ré, agus i scríbhinn.

3.4 Cuairteanna ó phearsanra cláir/léirithe RTÉ ar scoileanna/clubanna óige/ imeachtaí a mbíonn daoine óga páirteacht iontu etc.

Baineann na prionsabail a bhfuil cur síos orthu sa doiciméad beartais seo le RTÉ agus iad lasmuigh den suíomh nó ar an suíomh.

Ba chóir do léiriúcháin agus d'imeachtaí RTÉ ina mbeadh cuairteanna ar scoileanna i gceist, teagmháil a dhéanamh, i scríbhinn más féidir, leis an scoil nó le lucht eagair an imeachta chun iad a chur ar an eolas go bhfuil Beartas Chosaint Leanaí ag RTÉ agus chun é seo a leanas a chur in iúl dóibh:

- Comhlíonann daoine de chuid RTÉ a bhíonn i láthair an beartas seo
- Ní lorgóidh daoine de chuid RTÉ mionsonraí pearsanta nó sonraí teagmhála díreach ón leanbh. Is é an tuismitheoir/caomhnóir a chuirfidh gach eolas ar fáil.

- Ní cóir daoine de chuid RTÉ a chur in ionad cúraim nó maoirseoireachta gan toiliú sainráite na bpáirtithe go léir, toiliú a socraíodh roimh an chuairt/imeacht
- Roinnfidh daoine de chuid RTÉ a dtagann imní orthu faoi leas linbh le linn a gcuid oibre, an imní sin le Teagmhálaí Ainmnithe na scoile nó leis an Leastheagmhálaí Ainmnithe.

Ábhair Réasúnta Imní

Is ábhair réasúnta imní a bheadh sna samplaí seo a leanas:

1. Léiriú sonrach ón leanbh gur baineadh mí-úsáid as/aisti
2. Tuairisc ó dhuine a chonaic an páiste agus mí-úsáid á baint as/aisti
3. Fianaise mar ghortú nó iompar, a thagann le mí-úsáid agus nach dóigh gur tharla sé ar aon bhealach eile
4. Gortú atá ag teacht le mí-úsáid agus le míniú soineanta araon ach a bhfuil táscairí comhthacaíochta a thacaíonn leis an imní go mb'fhéidir gur mí-úsáid atá anseo
5. Cás mí-úsáide e.g. patrún gortuithe, míniú neamhdhealraitheach, táscairí eile mí-úsáide, iompar mífheidhmiúil.

CUID 4 – FREAGRACHTAÍ AGUS NÓSANNA IMEACHTA TUAIRISCITHE

Próiseas

Caithfear cuimhneamh gur féidir go ndéanfaí líomhaintí earráideacha nó mioscaiseacha faoi dhaoine den fhoireann nó faoi chonraitheoirí. Mar sin caithfear déileáil go híogarach le haon líomhain mí-úsáide agus féadtar tacaíocht agus comhairliú a chur ar fáil más gá. Cé go gcaithfidh gurb é an príomhchuspóir an leanbh a chosaint ní mór a chinntiú go gcaitear go cóir leis an bhfostaí. Tá sé ríthábhachtach go dtabharfaí freagairt chomhréireach do gach cás a eascraíonn, mar gheall go sonrach ar nádúr agus ar chineál na mí-úsáide a d'fhéadfadh a bheith ina hábhar líomhainte. (Féach Aguisín 1).

A luaithe agus a dhéantar líomhain ní mór na céimeanna a leanas a leanúint:

- Cuirfidh an duine sinsearach den fhoireann atá i láthair, mar bheart práinne, aon bhearta cosantacha riachtanacha i gcríoch chun a chinntiú nach gcuirtear aon leanbh i mbaol neamhriachtanach. Beidh na bearta seo i gcomhréir leis an leibhéal riosca
- Ní mór don duine den fhoireann a dhéanann tuairisciú, tuairisc scríofa a chur ar fáil dá Bhainisteoir Líne Sinsearach ar lá an teagmhais. Cuirtear an tuairisc seo láithreach ar bhonn rúnda chuig Oifigeach Sábháilteachta RTÉ nó a ionadaí ainmnithe
- Tar éis comhairliúcháin leis an nGrúpcheannasaí Acmhainní Daonna bunaithe ar ábhar na tuairisce, déantar cinneadh dul i dteagmháil leis na húdaráis rialála. Is í Feidhmeannacht na Seirbhísí Sláinte an chéad phointe teagmhála

- Cuirfear an tuismitheoir/ caomhnóir atá ag bailiú an linbh ar an eolas faoin teagmhas
- Fiosróidh an Bainisteoir Líne Sinsearach an líomhain mí-úsáide tuilleadh i gcomhairle leis an nGrúpcheannasaí Acmhainní Daonna
- I gacásanna ina bhfuil fianaise prima facie faoi shárú na rialachán seo in aghaidh duine den fhoireann déileálfar leis de réir na nósanna imeachta i Nósanna Imeachta agus Beartas RTÉ
- Le hionracas an phróisis seo a chinntiú caithfear ceist na rúndachta a choinneáil ar mhaithe leis na páirtithe ar fad atá bainteach leis
- Coinneofar na taifid uile de chineál ar bith a bhaineann le haon teagmhas bainteach leis an mbeartas seo i gcaibinéad glasáilte faoi smacht an Ghrúpcheannasaí Acmhainní Daonna.

Déileáil le Nochtadh

Má bhíonn imní ar dhuine den fhoireann faoi Shláinte, Sábháilteacht nó Leas linbh tá de dhualgas air/uirthi tuairisc faoin imní sin a thabhairt dá mbainisteoir líne. I gcúinsí ina nochtann leanbh cás mí-úsáide do dhuine den fhoireann ba chóir dó/di iarracht a dhéanamh é seo a leanas a dhéanamh:

- Fanacht socair agus gan scaoll nó déistin nó suaitheadh a léiriú
- Éisteacht go báúil leis an leanbh
- An leanbh a chur ar a s(h)uaimhneas
- Bíodh de chuspóir agat a chinntiú go bhfeictear tú ag labhairt leis an leanbh, ach nach féidir do chuid cainte a chloisint
- Deimhnigh don leanbh go raibh an ceart aige/aici an scéal a nochtadh agus nach bhfuil aon locht air/uirthi
- Ná bí daorbhreithiúnach
- Ná déan tuairimíocht nó ná toimhdigh
- Ná habair aon rud diúltach faoin té a bhfuil líomhaintí mí-úsáide curtha ina leith
- Ná tabhair gealltanais don leanbh
- Bí macánta leis an leanbh faoi cad is féidir agus cad nach féidir linn a dhéanamh. Abair leo nach féidir linn rúin a choinneáil agus inis dóibh cad é an chéad rud eile a tharlóidh
- Ná tabhair aghaidh ar an té a líomhnaítear a bheith freagrach
- A luaithe agus a bhímid réidh ag caint leis an leanbh, déan nóta scríofa mionsonraithe ar gach a dúradh agus cuir an t-eolas seo ar aghaidh chuig Oifigeach Sábháilteachta RTÉ a luaithe agus is féidir áit a ndéanfar cinneadh faoina tharchur go dtí an HSE i gcomhairle leis an nGrúpcheannasaí Acmhainní Daonna.

NÓSANNA IMEACHTA ATÁ MOLTA DO DHAOINE A NDEIRTEAR GUR SHÁRAIGH SIAD NA TREOIRLÍNTE

Má chuirtear mí-úsáid i do leith, agus faoi réir na nósanna imeachta thuas, moltar go gcomhlíonfá na pointí a leanas:

- Déan nótaí faoin teagmháil/gníomhaíochtaí go léir a bhí agat leis an leanbh atá i gceist a luaithe agus is féidir
- Lorg rochtain ar chomhairle ar do shon féin.

CUID 5 – EARCAÍOCHT, ROGHNÚ & COSAINT LEANAÍ

Ceapacháin nua

Cuireann An Garda Síochána seirbhís Ghrinnfhiosrúcháin na nGardaí ar fáil d'eagraíochtaí atá cláraithe le Láraonad Grinnfhiosrúcháin an Gharda Síochána a mbíonn poist foirne acu ina mbíonn rochtain gan mhaoirsiú ar leanai. Cuireann sé seo ar chumas fostóirí seiceáil níos déine earcaíochta agus roghnaithe a dhéanamh do phoist a mbíonn obair le leanaí agus le daoine óga i gceist iontu. Dá réir sin lorgóidh RTÉ Grinnfhiosrúchán de chuid na nGardaí do cheapacháin nua mar iad. Agus faomhadh á lorg chun foireann dá leithéid a earcú léireoidh an Bainisteoir Líne freisin ar an bhFoirm Iarratais Earcaíochta gur chóir Grinnfhiosrúchán de chuid na nGardaí a lorg. Déanfaidh HR Corparáideach an próiseas seo a bhainistiú. Is é an Bainisteoir Acmhainní Daonna Sinsearach an duine idirchaidrimh ainmnithe le Láraonad Grinnfhiosrúcháin an Gharda Síochána a dtugtar an Sínitheoir Údaraithe air agus caithfidh gach iarratas a theacht uaidh siúd.

An fhoireann láithreach

Ar uairibh beidh ar fhoireann RTÉ atá fostaithe i bpoist nach mbíonn obair le leanaí i gceist iontu de ghnáth, Foirm Nochta Pearsanta um Chosaint Leanaí a chomhlánú nuair a bhíonn teagmháil mhaoirsithe le leanaí i gceist i dtasc. Beidh an fhoirm seo le fáil ar Marconi agus ní mór don duine aonair í a chomhlánú agus don bhainisteoir líne sinsearach í a shíniú. Ní mór an fhoirm chomhlánaithe a chur ar ais chuig an mBainisteoir Acmhainní Daonna Sinsearach, HR Corparáideach, a dhéanfaidh bainistiú ar an bpróiseas uaidh sin amach. Ní cheadófar do dhaoine den fhoireann a nochtann gur ciontaíodh iad in aon choir a bhaineann le leanaí nó le daoine óga; agus/nó faoi réir aon ghníomh smachtúil nó beart srianta a bhaineann le leanaí, obair a dhéanamh ar aon léiriúchán/tionscadal a mbíonn teagmháil le leanaí bainteach leis.

I gcásanna, ar chóir gur cásanna eisceachtúla iad, ina mbeidh rochtain gan mhaoirsiú ar leanaí i gceist sa phost i.e. cúram rialta, oiliúint, maoirseacht nó cúram aonair leanaí agus daoine óga, lorgófar Nochtadh Grinnfhiosrúcháin an Gharda Síochána roimh ré tríd an duine idirchaidrimh thuasluaite ó Láraonad Grinnfhiosrúcháin an Gharda Síochána

Acmhainní Daonna Corparáideacha Aibreán 2011

AGUISÍN 1

Príomhphrionsabail agus Sainmhínithe Mí-úsáide arna n-eisiúint ag an Roinn Sláinte & Leanaí 1999

Príomhphrionsabal

"TÁ LEAS LEANAÍ FÍORTHÁBHACHTACH"
(Tús Áite do Leanaí, 1.9 Prionsabail Deachleachtais i gCosaint Leanaí)

Tá sé tábhachtach go mbeadh gach duine a oibríonn, a bhíonn rannpháirteach, a dhéanann obair go deonach nó a stiúrann imeachtaí RTÉ feasach ar na cineálacha Mí-Úsáid Leanaí a chasfaí leo, agus sin é an fáth go mbíonn na sainmhínithe san áireamh ag RTÉ sa chuid lárnach dár dTreoirlínte Beartais ar Chosaint Leanaí. Faoi na Treoirlínte Tús Áite do Leanaí is í freagracht agus dualgas gach duine a oibríonn agus a bhíonn ag plé le leanaí a chinntiú go bhfuil cosaint agus leas leanaí fíorthábhachtach. Mar sin tá éifeacht na tuisceana ar na cineálacha mí-úsáide seo a leanas agus na comharthaí agus na hairí ríthábhachtach. Má chleachtaítear ár gcóid iompair, ár mbeartais agus nósanna imeachta de shíor, ní cóir go n-eascródh an dóchúlacht go mbeadh leanaí leochaileach ar mhí-úsáid.

Sainmhínithe ar Mhí-úsáid Leanaí (tógtha ó Tús Áite do Leanaí)

Féadfaidh ceann ar bith de na nithe seo a leanas a bheith i gceist:

1. Neamhchúram
2. Mí-úsáid mhothúchánach
3. Mí-úsáid fhisiciúil
4. Mí-úsáid ghnéasach.

Neamhchúram

Féadtar sainmhíniú a thabhairt ar neamhchúram i dtéarmaí faillí, áit a fhulaingíonn an leanbh doch har suntasach nó milleadh forbartha trí bheith fágtha gan bia, éadach, teas, sláinteachas, spreagadh intleachtúil, maoirseacht agus sábháilteacht, gaolacht le daoine fásta agus cion uathu, cúram míochaine.

Mí-úsáid mhothúchánach

Tarlaíonn mí-úsáid mhothúchánach de ghnáth áit a bhfuil caidreamh idir tuismitheoir/ caomhnóir/cúramóir agus leanbh agus ní teagmhas nó teagmhais shuntasacha. Mura mbíonn cineálacha eile mí-úsáide i gceist ní gnáthach gur léir é i gcomharthaí nó in airí fisiciúla. Ach féadfaidh sé a bheith sofheicthe in iompar an linbh nó a fheidhmiú fisiciúil lena n-áirítear gaolacht "imníoch", míshonas, féinmhuinín íseal, fo-fheidhm oideachasúil agus forbartha agus iompar neamh-chomhoibríoch nó naimhdeach.

Sroichtear tairseach an dochair shuntasaigh nuair a bhíonn an idirchaidreamh éagórach den chuid is mó agus nuair is cuid tipiciúil é den chaidreamh idir an leanbh agus an tuismitheoir/ caomhnóir / cúramóir.
Áirítear ar shamplaí de mhí-úsáid mhothúchánach leanaí:

- Cur i bhfeidhm aitreabúidí diúltacha ar leanaí, á gcur in iúl trí cháineadh, searbhas, naimhdeachas nó ciontú leanúnach
- Neamh-infhaighteacht mhothúchánach ó thuismitheoir/caomhnóir/cúramóir an linbh
- Mífhreagracht, ionchais mhí-oiriúnachaa nó neamhfhreagracha don leanbh
- Leagan anabaí freagrachta ar an leanbh
- Ionchais neamhréalaíocha nó mhí-oiriúnacha de chumas an linbh rud a thuiscint nó é/í féin a iompar nó a shrianadh ar bhealach áirithe
- Ró-chosaint nó fochosaint an linbh
- Úsáid smachta ghairbh mhíréasúnta
- Nochtadh d'fhoréigean baile.

Mí-úsáid fhisiciúil

Tréithrítear mí-úsáid fhisiciúil mar aon chineál gortaithe neamhthionóiscigh, nó gortú de thoradh faillí toiliúil nó neamartach i gcosaint linbh. Áirítear ar shamplaí de mhí-úsáid fhisiciúil :

- Croitheadh fisiciúil an linbh
- Úsáid foréigin neamh-mheasartha sa láimhseáil
- Iompar bagarthach nó réamhbheartaithe
- Briseadh isteach ar spás pearsanta linbh
- Riosca substaintiúil dochair shuntasaigh don leanbh a cheadú nó a chruthú.

Mí-úsáid Ghnéasach

Is éard atá i gceist le mí-úsáid ghnéasach ná úsáid linbh le haghaidh sásaimh nó spreagadh gnéasach ag duine dó féin nó do d haoine eile.

Áirítear ar shamplaí de mhí-úsáid ghnéasach:

- Nochtadh na n-orgán gnéasach nó aon ghníomh gnéis a dhéantar i láthair linbh
- Baint nó cur isteach toiliúil ar chorp linbh ag duine nó oibiacht chun críocha spreagtha ghnéasaigh nó sásaimh
- Caidreamh collaí le leanbh
- Dúshaothrú gnéasach linbh lena n-áirítear ábhar léir gnéasach a chur os comhair linbh
- Gníomhaíocht ghnéasach chomhthoilithe a mbeadh aosach agus duine faoi aois páirteach inti.

Beidh meas ar rúndacht chomh fada agus is féidir agus ag teacht le sábháilteacht an linbh nuair a bhíonn amhras dá leithéid ann.

AGUISÍN 2

Seicliosta den eolas atá le bailiú ó thuismitheoir/caomhnóir

- Uimhir theagmhála dóibh beirt nó don dlúthghaol is iontaofa
- Mionsonraí aon riochtaí leighis, nó ailléirgí, bia nó eile
- Cead sonrach agus treoracha i scríbhinn má tá aon chineál idirghabhála liachta le déanamh.
- Ainm agus sonraí teagmhála dochtúir an linbh
- Dáta breithe
- Seoladh baile.

Caithfidh an t-eolas seo a bheith ar fáil go héasca ag an duine a shanntar chun cúram an linbh a dhéanamh agus é/í faoi chúram RTÉ.

AGUISÍN 3

Ráiteas um Chospóir Fostaithe

Ní mór do thuismitheoir/caomhnóir an doiciméad seo a shíniú d'fhonn cead a thabhairt go nglacfadh a leanbh páirt sa ghníomhaíocht chláir aontaithe. Dearbhaíonn do shíniú go dtuigeann tú nósanna imeachta agus beartas chosaint leanaí RTÉ agus go nglacann tú leo.

Tá an fhoirm seo ar fáil ó Léiritheoir an Chláir agus is féidir cóipeanna a íoslódáil ó Marconi.

Ainm an linbh
Aois an linbh
Ainm an tuismitheora/caomhnóra
Teideal an chláir
Láthair
Dáta
Síniú

AGUISÍN 4

Ní mór na foirmeacha Measúnú Riosca Clár reatha atá ar fáil ar Marconi a comhlánú sula gcuirtear tús le haon léiriúchán a mbeidh leanaí ann, ag teacht leis na Rialacháin Sláinte & Sábháilteachta reatha. Tá an léiritheoir cláir freagrach as an tasc seo agus caithfidh sé/sí a chinntiú go gcomhlántar i gceart é. I gcás timpiste/teagmhais ag eascairt ní mór don léiritheoir, don mhaoirseoir oibriúcháin iomchuí nó don bhainisteoir sinsearach atá i láthair a chinntiú go bhfuil an Fhoirm Thuairiscithe Timpiste cheart atá ar fáil ar Marconi, comhlánaithe. Tá freagracht ar gach duine den fhoireann a chinntiú go gcomhlíonann siad gach reachtaíocht Sláinte agus Sábháilteachta chuí agus beartais shonracha RTÉ mar a mbaineann siad leis an ionad oibre.

AGUISÍN 5

FOIRM NOCHTA RTÉ um CHOSAINT LEANAÍ

Ainm:

Rannán /IBD:

Teideal an Phoist:

Garbhainisteoir Líne Sinsearach:

Dáta Breithe:

Seoladh:

Níor ciontaíodh mise, an duine thíos-sínithe, ag am ar bith, in aon choir a bhaineann le leanaí nó le daoine óga; agus/nó níl mé faoi réir ag aon ghníomh disciplíne nó beart sriantach bainteach le leanaí nó aon bheart sriantach a chuireann srian orm bheith ag obair le leanaí.

Síniú:

Dátaithe: